

POBLACHT NA FRAINCE

An Aireacht Sláinte agus Coisc

Foraithne maidir le Faisnéis ar Tháirgí Dlúthchúraim

NOR:

Na grúpaí lena mbaineann: monaróirí, allmhaireoirí, dáileoirí, tomhaltóirí na dtáirgí sin

Cuspóir: Sainmhíniú ar an bhfaisnéis nach mór a bheith ar phacáistíocht nó ar bhileog na dtáirgí dlúthchúraim.

Teacht i bhfeidhm: tiocfaidh an téacs i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024

Bileog: Sainítear ann ábhar na faisnéise nach mór a bheith ar phacáistíocht na dtáirgí dlúthchúraim a chuirtear ar an margadh agus an bealach a gcuirtear in iúl don tomhaltóir í. I measc na dtáirgí dlúthchúraim tá táirgí dlúthchúraim lena n-úsáid sheachtrach – mar shampla tuáillí ionsúiteacha, mionphillíní, mionbhrístíní míosta – chomh maith le táirgí dlúthchúraim lena n-úsáid inmheánach, mar shampla súitíní, cupáin míosta, spúinsí míosta.

Tagairtí: Is féidir forálacha na foraithne seo a cheadú, ina ndréachtú mar gheall ar an modhnú seo, ar shuíomh gréasáin Légifrance (<https://www.legifrance.gouv.fr>).

An Príomh-Aire,

Ar an tuarascáil ón Aire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíochta agus Digiteacha agus ón Aire Sláinte agus Coisc;

Ag féachaint do Rialachán (AE) 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh snáithín agus lena n-aisghairtear Treoir 73/44/CEE ón gComhairle, Treoir 96/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2008/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle;

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

I bhfianaise an chóid tomhaltóra, go háirithe airteagail L. 412-1, L. 423-1, R. 412-1 agus R. 451-1;

Ag féachaint d'fhógra [Uimh. 2022/0XXX/F](#) a dhírítear ar XXXX chuig an gCoimisiún Eorpach;

Ag féachaint don nóta tacaíochta eolaíoch agus teicniúil ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bia, Comhshaoil agus Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde 21 Iúil 2022;

Tar éis éisteacht a thabhairt don Chomhairle Stáit (Rannóg airgeadais),

Foraithnítear leis seo

Airteagal 1

Baineann forálacha na Foraithne seo le táirgí dlúthchúraim a allmhairítear nó a thugtar isteach i gcríoch na Fraince, a choinnítear lena ndíol nó lena ndáileadh saor in aisce, a thairgtear lena ndíol, nó a dháiltear saor in aisce.

Tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: Ciallaíonn “táirgí dlúthchúraim” úsáid aonuaire nó táirgí in-athúsáidte, atá ceaptha chun sreabháin choirp a ionsú nó a choinneáil agus atá le cur i dteagmháil le córas úraiginiúil inmheánach nó seachtrach chorp an duine caithreach.

Ní bheidh feidhm ag forálacha na Foraithne seo maidir le feistí leighis mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle dá dtagraítear thuas.

Airteagal 2

I. – Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar phacáistíocht táirgí dlúthchúraim:

(1) comhdhéanamh an táirge, i bhfoirm liosta ina mbeidh na comhpháirteanna uile atá ann agus i gcás gach ceann de na comhpháirteanna sin, mionsonraí na substaintí agus na n-ábhar a chuimsíonn gach ceann acu d'aon ghnó le linn phróiseas monaraíochta an táirge chríochnaithe. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le táirgí teicstíle, faoi réir fhorálacha sonracha Rialachán [Uimh. 1007/2011](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh snáithín agus lena n-aisghairtear Treoir 73/44/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2008/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dá dtagraítear thuas;

(2) na téarmaí agus na réamhchúraimí úsáide, go háirithe na téarmaí agus na réamhchúraimí sin a shonraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an bhForaithne seo;

(3) na rioscaí sláinte a bhaineann le comhdhéanamh nó úsáid an táirge (go háirithe greannaithe, éadulaingtí, ailléirgí, micreatráma). Go háirithe, i gcás táirgí dlúthchúraim lena n-úsáid go hinmheánach, tá an fhaisnéis a shonraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an bhForaithne seo maidir le siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta agus maidir leis na siomptóim ar cheart comhairliúchán leighis pras a bheith mar thoradh orthu.

Beidh an fhaisnéis a luaitear ó (1) go (3) i gcarachtair dhoscrista, infheicthe, inléite agus intuigthe sa Fhraincis.

II. – I gcás ina dtairgtear táirgí dlúthchúraim lena ndíol trí bhíthin cianchumarsáide, cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in I ar fáil sula gcríochnófar an ceannach agus beidh sí le feiceáil ar an meán ciandíola.

III. – Nuair a dháiltear roinnt táirgí dlúthchúraim sa phacáistíocht chéanna a ceapadh chun aonad díolacháin nó dáileacháin a chruthú don úsáideoir deiridh nó don tomhaltóir, d'fhéadfadh faisnéis áirithe dá dtagraítear in I a bheith ar bhileog a ghabhann léi. Sa chás seo, léireofar an méid seo a leanas ar an bpacáistíocht:

(1) an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad: an baol go mbeidh siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta ann a bhaineann le húsáid táirgí dlúthchúraim lena n-úsáid go himmheánach, an uastréimhse chaithimh do na táirgí seo, an moladh maidir le táirgí dlúthchúraim a chaitheamh lena n-úsáid sheachtrach san oíche, an rogha chuí cosanta maidir leis an sreabhadh míosta agus an comhdhéanamh mar atá sainmhínithe in (1) de I.

(2) go bhfuil sonraí maidir le téarmaí agus réamhchúraimí úsáide chomh maith leis na rioscaí sláinte a bhaineann le comhdhéanamh nó úsáid na dtáirgí leagtha amach sa bhileog.

IV. – I gcás ina bhfuil sé beartaithe dlúththáirgí cosanta a dhíol nó a dháileadh saor in aisce ina n-aonar nó i mbulc i gcomhréir le forálacha Airteagal D.120-5 den Chód Tomhaltóirí, nó i gcás nach féidir ceanglais I a chomhlíonadh de bharr mhéid an táirge agus a phacáistíocta, beidh an fhaisnéis is gá ar bhileog a bheidh ag gabháil leis an táirge.

Airteagal 3

Ní chuirfidh forálacha na Foraithe seo cosc ar tháirgí dlúthchúraim arna monarú nó arna margú go dleathach i mBallstát eile den Aontas Eorpach nó sa Tuirc, nó a mhonaraítear go dleathach i Stát ar páirtí é sa Chomhaontú lena mbunaítear an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, a chur ar an margadh sa Fhrainc, a mhéid atá faisnéis ag gabháil leo lena n-áirithítear leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear leis an bhForaithe seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Fhoraithe seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Féadfar leanúint de tháirgí nach gcomhlíonann forálacha na Foraithe seo a cuireadh ar an margadh roimh an dáta sin a thairiscint lena ndíol nó a dháileadh saor in aisce ar feadh sé mhí ón dáta sin.

Airteagal 5

An tAire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíochta agus Digiteacha, Coimeádaí na Séalaí, an tAire Dlí agus Cirt, an tAire Sláinte agus Coisc, an tAire Toscaire a ghabhann leis an bPríomh-Aire, atá freagrach as comhionannas inscne, éagsúlacht agus comhdheiseanna, an tAire Toscaire a ghabhann leis an Aire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíochta agus Digiteacha, freagrach as fiontair bheaga agus mheánmhéide, trádáil, tionscal ar mhionscála agus turasóireacht, beidh gach duine acu freagrach as a chuid féin as an bhFhoraithe seo a chur chun feidhme, a fhoilseofar in Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince.

Arna dhátú

Ag an bPríomh-Aire:

An tAire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíochta agus Digiteacha

Bruno LE MAIRE

Coimeádaí na Séalaí, Aire Dlí agus Cirt,

Éric DUPONT-MORETTI

An tAire Sláinte agus Coisc

François BRAUN

An tAire Toscaire a ghabhann leis an bPríomh-Aire, atá freagrach as combhionannas inscne, éagsúlacht agus comhdheiseanna

Isabelle ROME

An tAire Toscaire a ghabhann leis an Aire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíochta agus Digiteacha, atá freagrach as fiontair bheaga agus mheánmhéide, trádáil, tionscal ar mhionscála agus turasóireacht

Olivia GRÉGOIRE

IARSCRÍBHINN: Téarmaí agus réamhchúraimí maidir le táirgí dlúthchúraim a úsáid

Baineann siad seo le:

- níochán lámh sula n-úsáidtear an táirge nó sula gcuirtear isteach é agus sula mbaintear é;
- táirgí in-athúsáidte a ní nó a dhíghalrú sula n-úsáidfear iad;
- faisnéis maidir le suíomh an táirge, conas é a bhaint;
- athrú rialta ar an táirge;
- **Le haghaidh táirgí dlúthchúraim lena n-úsáid go himmheánach,**
 - an táscair nach n-úsáidtear ach táirge amháin ag an am;
 - an uastréimhse chaithimh a mholtar, nach féidir a bheith níos faide ná 6 uair an chloig;
 - an moladh maidir leis an táirge a chaitheamh le linn míosta amháin agus le linn úsáid táirge atá oiriúnaithe do shreabhadh míosta an duine, ar moladh é nach mór rochtain a bheith aige ar léiriú sainráite ar chumas ionsúcháin an táirge;
 - faisnéis gur galar tógálach tromchúiseach é siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha agus a bhaineann le táirge dlúthchúraim a chaitheamh lena úsáid go himmheánach ar feadh rófhada le linn míosta, cur síos iomlán ar na hairíonna a d'fhéadfadh a bheith ag siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta (fiabhras atá tobann agus os cionn 39°C, urlacan, buinneach, gríos cnis cosúil le griandó, scornach tinn, meadhrán agus/nó meirfean, arna sonrú nach bhféadfadh gach ceann acu tarlú ag an am céanna);
 - an moladh chun dul i gcomhairle le dochtúir láithreach má fheictear na hairíonna de siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta, bain an táirge agus, más féidir, é a stóráil le haghaidh anailíse, an dochtúir a chur ar an eolas faoi thréimhsí míosta reatha agus go bhféadfadh siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta a bheith nasctha le húsáid táirge dlúthchúraim lena n-úsáid inmheánach;
 - an moladh do dhaoine a bhfuil siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta i ndiaidh teacht orthu cheana féin gan táirgí dlúthchúraim a úsáid lena n-úsáid go himmheánach;
 - an moladh chun táirgí dlúthchúraim a úsáid le haghaidh úsáide seachtraí san oíche, mar gheall ar an uastréimhse chaithimh a léirítear, d'fhonn an baol go bhforbróidh siondróm suaite thocsainigh maidir le míosta a laghdú.